**GA**

**GA**

**GA**

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 16 Aibreán 2010
SEC(2010) 428 final

**Doiciméad Oibre de chuid Fhoireann an Choimisiúin**

**Sintéis an Chomhairliúcháin faoi Athchóiriú an Chomhbheartais Iascaireachta**

(Aistriúchán neamhoifigiúil)

GA

GA

# CLÁR ÁBHAIR

Sintéis Pháipéir Oibre de chuid Fhoireann an Choimisiúin den Chomhairliúchán faoi Athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh....................1

1. Intreoir....................3

2. Ag sárú chúig éagmais struchtúrtha an bheartais....................4

2.1. Ag tabhairt aghaidhe ar fhadhb fhréamhaithe róthoilleadh an loingis....................4

2.2. Beartú tosaíochta na gcuspóirí beartais....................5

2.3. Ag díriú ar an gcreatlach chinnteoireachta i dtaca le croíphrionsabail fhadtéarmacha 5

2.4. Ag spreagadh an tionscail glacadh le tuilleadh freagrachta i dtaca le cur i bhfeidhm an CBI....................7

2.5. Ag forbairt chultúr an chomhlíonta....................8

3. Ag cur tuilleadh feabhais ar bhainistiú iascaigh an AE....................8

3.1. Réimeas iascaigh difreáilte le loingis chóstacha mhionscála a chosaint?....................8

3.2. Ag baint an leas is fearr is féidir as ár gcuid iascach....................9

3.3. An chobhsaíocht choibhneasta (CC) agus rochtain ar na hiascaigh....................10

3.4. Trádáil agus margaí – ón ngabháil chuig an tomhaltóir....................11

3.5. Ag comhtháthú an Chomhbheartais Iascaigh i gcomhthéacs níos leithne an bheartais mhuirí....................12

3.6. An bonn eolais don bheartas....................12

3.7. Polasaí struchtúrtha agus tacaíocht airgeadais phoiblí....................13

3.8. An toise seachtrach....................14

3.9. An dobharshaothrú....................15

4. Ábhair eile a luadh....................16

5. Tuairimí na saoránach....................16

6. Na chéad chéimeanna eile....................17

## 1. INTREOIR

Rinneadh athbhreithniú ar an gComhbheartas Iascaigh (CBI[1]) i 2002. Tá feidhm leis an mbunrialachán nua[2] ó 1 Eanáir 2003 ar aghaidh, agus cuimsíonn sé foráil go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach (CE) tuairisc don Chomhairle agus don Pharlaimint Eorpach faoi na caibidlí a bhaineann le cúrsaí caomhnaithe agus le toilleadh iascaireachta roimh dheireadh 2012. Chuir an CE tús leis an athbhreithniú seo trí fhoilsiú Páipéir Ghlais[3] agus ina dhiaidh sin bhí tréimhse chomhairliúcháin ann; b'éigean na freagraí scríofa a chur isteach faoi 31 Nollaig 2009[4].

San iomlán fuarthas 382 tuairim (móide líon mór ríomhphost le 1,329 bhfreagra múnla) le linn na tréimhse comhairliúcháin. Tá na tuairimí ar fáil ar an suíomh gréasáin[5], agus tá liosta tuairimí ar fáil in Aguisín 1.

Le linn ullmhú an Pháipéir Ghlais agus le linn na tréimhse comhairliúcháin araon tionóladh cruinnithe leis na páirtithe leasmhara, le lucht riaracháin na BS cóstach ar fad, agus le heagraíochtaí agus le haonáin eile. Tá liosta na gcruinnithe sin ar ghlac an CE páirt iontu ar fáil in Aguisín 2.

Cuireann an Doiciméad Oibre seo de chuid Fhoireann an Choimisiúin (DOFC) forbhreathnú ar fáil de na tuairimí a cuireadh ar fáil don chomhairliúchán seo gan aon tátal a bhaint amach maidir leis na roghanna sin ar chóir tuilleadh staidéir a dhéanamh orthu i measúnú iarmhairte. Cuireann an tsintéis san áireamh an rún ar ghlac an Pharlaimint Eorpach (PE) leis faoin bPáipéar Glas ag seisiún 25 Feabhra 2010. Tá an tsintéis eagraithe bunaithe ar ábhar an Pháipéir Ghlais.

**Clár 1 – Anailís na dTuairimí**

| Cineál | Líon | Samplaí |
|---|---|---|
| An pobal | 114 + 1329 ríomhphost múnla | Raon leathan saoránach |
| Eagraíochtaí pháirtithe leasmhara tionscail/grúpa leasa | 117 | Go príomha cumainn iascaireachta; cumainn slatiascairí, eagraíochtaí próiseála, miondíoltóirí, comhlachtaí turasóireachta |
| Eagraíochtaí sochaí sibhialta | 63 | Go príomha eagraíochtaí ENR; freisin ENR leasa ainmhithe, ENR tomhaltóirí, ENR forbartha |
| An saol acadúil | 16 | Institiúidí ollscoile, institiúidí taighde náisiúnta, líonraí taighdeoirí, eagraíochtaí taighde |

[1] Cuimsíonn Aguisín 3 liosta acrainmneacha.
[2] RIALACHÁN COMHAIRLE (CE) Uimh. 2371/2002 ó 20 Nollaig 2002 faoi chaomhnú agus faoi shaothrú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh faoin gComhbheartas Iascaigh.
[3] Páipéar Glas faoi Athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh (COM(2009) 163 deiridh, 22 Aibreán 2009)
[4] Léiríonn an doiciméad oibre seo na tuairimí a cuireadh isteach i leith an Pháipéir Ghlais a fuarthas ó taobh amuigh den Choimisiún.
[5] http://ec.europa.eu/fisheries/reform/consultation/received/index_en.htm

| | | |
|---|---|---|
| Riaracháin/gníomhaireachtaí BS | 30 | Ranna, gníomhaireachtaí rialtais, agus parlaimintí |
| Rialtas réigiúnach nó áitiúil | 35 | Go príomha réigiúin chóstacha agus pobail a bhíonn ag brath ar na hiascaigh, comhlachtaí bainistithe iascach réigiúnacha de chuid na RA |
| Institiúidí eile agus comhlachtaí comhairleacha eile de chuid an CE | 8 | Parlaimint Eorpach, Coiste na Réigiún, Coiste Eorpach Eacnamaíoch agus Sóisialta, CCID, CCR, Baill aonair na PE, comhlachtaí idir-rialtasacha. |
| Tríú tíortha | 11 | An Chomhairle Nordach, an Iorua (an rialtas agus eagraíochtaí éagsúla), an Íoslainn, an Nua-Shéalainn, grúpa ACP |
| | 394 (+ 1329) | |

## 2. AG SÁRÚ CHÚIG ÉAGMAIS STRUCHTÚRTHA AN BHEARTAIS

### 2.1. Ag tabhairt aghaidhe ar fhadhb fhréamhaithe róthoilleadh an loingis

Deimhníonn na tuairimí a cuireadh faoinár mbráid, a bheag nó a mhór, go bhfuil toilleadh iascaireachta an AE níos mó ná mar ba chóir le hais na n-acmhainní. Ach diúltaíonn a lán daoine a bhí páirteach ráitis róghinearálta agus cuireann siad an bharúil in iúl go dteastaíonn mionmheasúnú atá bunaithe ar an loingeas nó ar an iascach mar gheall ar raon an-éagsúil na suíomhanna. Iarrann a lán páirtithe, ar a n-áirítear roinnt Ballstát (BS) agus an PE a leithéid de bhearta, go teicniúil agus ó thaobh na timpeallachta de, agus cuireann an tionscal iascaireachta béim freisin ar an toise eacnamaíoch agus sóisialta. Díríonn an PE aird ar chodanna loingis (go háirithe mionscála) nach mór iad a athnuachan nó a athsholáthar (ar mhaithe le sábháilteacht nó laghdú na hiarmhairte timpeallachta) gan toilleadh a mhéadú.

Tá líon teoranta BS agus páirtithe leasmhara i bhfábhar le leanúint ar aghaidh leis an gcur chuige reatha bainistithe toillte. Molann roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtais (ENR) laghdú éigeantach toillte atá bunaithe ar an loingeas. Nascann dreamanna áirithe na laghduithe toillte le pleananna bainistithe iascach. Iarrann údaráis réigiúnacha na réigiún forimeallach (le tacaíocht ón BS), iarrann siad go leanfaí ar aghaidh leis an mbainistiú toillte scartha atá i bhfeidhm le haghaidh a gcuid loingeas.

Níl tacaíocht láidir le sonrú do scéim bhriste aonuaire a mhaoineofaí go poiblí agus a chuirfí in áit an díchoimisiúnaithe a dhéantar faoi láthair, cé gur dóigh le mórchuid na bpáirtithe a chuir tuairim in iúl go mbeadh a leithéid úsáideach faoi thosca áirithe. Caitheann BS áirithe amhras ar éifeachtúlacht bhuanbhriste fhóirdheonaithe.

Dar le mórchuid na BS agus na bpáirtithe leasmhara go bhfuil bainistiú atá bunaithe ar chearta úsáideach le dul i ngleic leis an róthoilleadh, ach iad a bheith níos amhrasaí faoi Chearta Aonair Inaistrithe (CAI) agus líon beag atá go láidir ina n-éadan. Áitíonn mórchuid na BS gur chóir do na BS socrú faoin mbainistiú bunaithe ar chearta.

Díríonn a lán tuairimí aird ar an mbaol atá ann go ndéanfaí na cearta iascaireachta a chomhchruinniú faoi ITR, agus seasann siad air gur chóir sin a sheachaint. Luaitear meas ar an gCobhsaíocht Choibhneasta (CC) i roinnt tuairimí in aghaidh na CAI ag leibhéal an AE. Dar le mórchuid thar na bearta de na tuairimí nach bhfuil na CAI oiriúnach d'iascaigh mhionscála.

### 2.2. Beartú tosaíochta na gcuspóirí beartais

Go ginearálta táthar den bharúil go leagann an inbhuanaitheacht éiceolaíoch síos an bonn d'earnáil iascaireachta inmharthana, agus gur ar éigean a dtagann cuspóirí éiceolaíocha, sóisialta agus eacnamaíocha salach ar a chéile san fhadtéarma. Dar le páirtithe áirithe nach bhfuil an plé faoi bheartú tosaíochta ach séasúrtha agus ábhartha do shocruithe in aistriú go hiascaigh inbhuanaithe.

Tá an PE agus páirtithe eile in aghaidh beartaithe tosaíochta *a priori* de chuspóirí. Áitíonn mórchuid den tionscal gabhála (agus roinnt údarás réigiúnach) cothromaíocht idir an trí philéar – agus cruthaíocht fostaíochta mar chuspóir inti féin, agus ina theannta sin cuireann na ceardchumainn béim ar ghnéithe sóisialta. Cuimsíonn raon barúlacha na BS inbhuanaitheacht éiceolaíoch i gcroílár na ceiste go béim chomhionann ar thrí philéar na hinbhuanaitheachta. Díríonn BS áirithe ar na hiascaigh le haghaidh soláthair bhia agus slándála bia (mar chuspóir nua), díríonn BS eile ar na hiascaigh mar fhoinse fostaíochta sna pobail chóstacha. Dar leis na ENR timpeallachta gurb í an inbhuanaitheacht éiceolaíoch croílár na ceiste, ag nascadh an CBI leis an mbeartas muirí níos leithne agus le Creat-treoir na Straitéise Muirí (CTSM, Treoir 2008/56/CE). Roghnaíonn na trádálaithe, na miondíoltóirí agus tionscail phróiseála áirithe an inbhuanaitheacht éiceolaíoch mar thosaíocht.

Tá comhdhearcadh forleathan le sonrú gur gá go mbeadh an *Uasghabháil Inbhuanaithe* (UGI) i measc na gcuspóirí, (de réir Chumarsáid CE COM(2006)360 faoi fhógra an Chruinnithe Mhullaigh Dhomhanda um Fhorbairt Inmharthana). Go ginearálta bíonn an PE agus an tionscal gabhála ag lorg creatama solúbtha don chur i bhfeidhm, go háirithe san iascaireacht mheasctha, iad ag breathnú ar UGI mar threoir seachas sprioc sonrach, agus dar leo gur chóir gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha a chur san áireamh sa choincheap 'inbhuanaithe' freisin. Cúis imní do na ENR timpeallachta, os a choinne sin, gur féidir nach bhfuil UGI réamhchúramach i ngach cás, iad ag maíomh go bhfuil iarmhairtí níos leithne na n-iascach ar an éiceachóras ina gcuid den choincheap 'inbhuanaithe' in UGI.

Áitíonn a lán tuairimí íoslaghdú nó díothú an tséanacháin mar aidhm thábhachtach don inbhuanaitheacht éiceolaíoch, cé go dtugann tuairimí áirithe le fios go bhfuil an séanachán ina dhlúthchuid de na hiascaigh mheasctha.

### 2.3. Ag díriú ar an gcreatlach chinnteoireachta i dtaca le croíphrionsabail fhadtéarmacha

Cuireann na tuairimí tacaíocht in iúl go ginearálta don chinnteoireacht nuair a ghlacann na polaiteoirí (an Chomhairle agus an PE) le cuspóirí uileghabhálacha prionsabail agus beartais, (a dtugtar rudaí éagsúla orthu sna tuairimí éagsúla). Ba chóir go mbeadh peirspictíocht fhadtéarmach ag baint leis an gcinnteoireacht i gcur chuige éiceachóras le meicníochtaí do mhonatóireacht agus d'iniúchadh forbartha

agus socruithe polasaí ag cé acu an CE agus/nó ag an leibhéal réigiúnach. Déantar cuid mhór tagartha do dhíothú an fhócais ghearrthéarmaigh, an bhainistithe ó bharr anuas agus an mhicreabhainistithe, agus moltar na hidirbheartuithe mionsonraithe a aistriú ón gComhairle. Iarrann páirtithe áirithe ar an gComhairle breathnú ar chomhairle na n-eolaithe mar rud ceangailteach nuair a bhítear ag glacadh le Gabhálacha Iomlána is Incheadaithe (GII).

Tacaíonn a lán daoine a chuir tuairim faoinár mbráid, go háirithe na ENR agus líon srianta BS, tacaíonn siad le tarmligean/ cur i bhfeidhm cumhachtaí don CE i réimsí sonracha (leithéidí bearta teicniúla). Creideann a lán páirtithe freisin gur chóir don CE glacadh le pleananna bainistithe fadtéarmacha a fhorbraítear ar bhonn réigiúnach. Gan ligean don CE 'cead a chinn' a bheith aige molann líon suntasach páirtithe a chuir tuairim isteach go mbunófaí nós imeachta le Coiste Rialála, nó le rannpháirtíocht na Comhairlí Comhairleacha Réigiúnacha (CCR) nó an tionscail. Cuireann grúpa teoranta (go háirithe roinnt údarás réigiúnach) in aghaidh an tarmligthe seo; áitíonn BS amháin gur féidir go mbeidh iarmhairt shoiléir pholaitiúil nó shóisialta ag a lán socruithe 'teicniúla'.

Tá tacaíocht le sonrú go ginearálta do ghabháil i dtreo chineál éigin réigiúnaithe. Baintear úsáid as meascán téarmaíochta – m.sh. déanann roinnt páirtithe tagairt don réigiúnú ag leibhéal an bháisín mhara, ach tagraíonn páirtithe eile do réigiúin laistigh den BS. Cuireann páirtithe áirithe béim ar an gcoimhdeacht, ina gcruthaíonn na BS coistí réigiúnacha bainistithe agus leibhéal ard féinrialaithe. Molann dreamanna eile comhoibriú simplí idir na BS i dtaca le ceisteanna cur i bhfeidhm agus rialaithe, agus dar le páirtithe áirithe go bhfuil áit ann do chumhachtaí cinnteoireachta tarmligthe faoi, m.sh. bainistiú acmhainne nó loingis.

Aithníonn líon suntasach an gá atá ann le comhlacht réigiúnach ar leith, le céimeanna éagsúla cumhachtaí agus freagrachtaí. Beartaíonn mórchuid na bpáirtithe, an PE san áireamh, comhlacht a bheadh comhairleach go príomha, le moltaí a phlé agus a ullmhú a mbeadh le glacadh leo mar bheartais agus mar reachtaíocht ag institiúidí an AE. Agus na páirtithe leasmhara agus páirtithe rannpháirteacha eile i gcomhlachas leis, bhainfí úsáid as an gcomhlacht réigiúnach ansin le haghaidh caidrimh agus pléite. Luaitear réigiún na Mara Bailte uaireanta mar áit inarbh fhéidir eagraíocht BS phíolótach a eagrú a fhorbraíonn agus a shocraíonn faoi na rialacháin a chuirfí i bhfeidhm (m.sh. séanachán, bainistiú cuótaí náisiúnta). Beartaíonn páirtithe eile comhlacht réigiúnach mar an t-aonán cur i bhfeidhm do phleananna fadtéarmacha, le roinnt féidearthachta i dtaca le cumhachtaí rialáilte oibríochtúla agus socruithe cur i bhfeidhm. Tacaíonn páirtithe áirithe le cineachadh cumhachtaí (m.sh. sonraí teicniúla agus rialú iarrachta). I dtuairimí áirithe moltar meascán feidhmeanna.

Maidir le ballraíocht, dar le mórchuid na bpáirtithe gur aonán é an comhlacht réigiúnach a mbeadh na BS i gceannas air; i roinnt cásanna tacaítear le ballraíocht tionscail agus páirtithe leasmhara, agus i dtuairimí eile coimeádann na páirtithe leasmhara feidhm chomhairleach trí mheán na CCR. Beartaítear an CE mar bhall i dtuairimí áirithe, agus mar bhreathnadóir/ chomhoibritheoir gníomhach i dtuairimí eile. Molann páirtithe áirithe go ndéanfaí na CCR a chlaochlú go comhlacht comhairleach réigiúnach le BS agus le páirtithe leasmhara.

Maidir leis na CCR tá teachtaireachtaí soiléire le fáil: ba chóir a gcuid ratha a mhéadú trína neartú, agus (de réir na CCR féin) trí thuilleadh tábhachta a bheith ag baint lena gcuid comhairle, go háirithe i gcásanna comhairle atá d'aon ghuth. Iarrann an PE maoiniú sásúil go sonrach. Molann páirtithe áirithe athrú ballraíochta le go mbeadh cothromaíocht níos fearr ann idir an tionscal agus na leasanna eile agus páirtithe leasmhara nach bhfuil ionadaíocht acu.

### 2.4. Ag spreagadh an tionscail glacadh le tuilleadh freagrachta i dtaca le cur i bhfeidhm an CBI

Dar le roinnt BS gur chóir go bhfaigheadh na hEagraíochtaí Táirgeoirí (ET) agus eagraíochtaí eile iascairí tuilleadh freagrachta cur i bhfeidhm faoi chaomhnú agus faoi rialú, ag ligean do na heagraíochtaí seo teacht ar na réitigh theicniúla is fearr. Ach níor chóir go ndéanfaí féinbhainistiú a fhorbairt ach tar éis measúnú rioscaí agus leasanna, agus ag cur san áireamh sonraíochtaí náisiúnta (.i. an chreatlach reachtaíochta). Tacaíonn an tionscal, go pointe áirithe, leis an féinbhainistiú; níor chóir go ndéanfadh sin na hiascairí freagrach as teip bhainistiú na n-iascach. Tá siad réidh le dul i dtreo an féinbhainistithe má ligeann a leithéid do na hiascairí na réitigh theicniúla is fearr a shocrú le spriocanna comhaontaithe a bhaint amach, rud a d'fhágfadh go bhfágfaí taobh thiar an micreabhainistiú agus rialacha róchasta. Ní mór réamhchoinníollacha agus critéir áirithe a bhaint amach de réir na gcaighdeán agus na bprionsabal sin a leagtar síos ag leibhéal an AE. Is leisc le mórchuid na ENR timpeallachta glacadh leis an féinbhainistiú; d'éileodh aon chineachadh freagrachta níos fearr dianrialú agus dianfhorfheidhmiú. Is fearr leo coincheapanna an rialachais rannpháirtigh nó an chomhbhainistithe.

Go ginearálta tacaíonn na ENR, agus freisin roinnt BS, tionscal agus an PE, tacaíonn siad le bainistiú atá bunaithe ar thorthaí le cuspóirí soiléire agus spriocanna intomhaiste. Ba chóir don AE meicníochtaí a fhorbairt le freagracht an tionscail a chinntiú chomh maith le comhlíonadh trí mheán doiciméad. Ina chúiteamh sin ba chóir dreasachtaí a chruthú mar luach saothair do thionscnaimh in éineacht le tógáil toillte. Ní féidir freagracht an tionscail a mhéadú ach le comhtháthú dóthaineach cothrománach agus ingearach na hearnála iascaireachta. Dar le gach páirtí leasmhar gur chóir don AE eagrú iascairí a chur chun cinn (aontaíonn mórchuid acu go bhfuil príomhról le cur i gcrích ag na ET, go háirithe mar a bhfuil an tionscal ilroinnte. Cuireann roinnt páirtithe béim anseo ar chur chuige difreáilte, ós rud é nach mbeidh gach iascach in ann dul ar aghaidh ag an luas céanna sa phróiseas seo.

Dar le mórchuid na bpáirtithe leasmhara, agus freisin an PE agus roinnt BS, go bhfuil freagracht mhéadaithe an tionscail le tionlacan ag rannpháirtíocht níos fearr sa phróiseas cinnteoireachta. Ábhar spéise é go ndéanann na BS agus na ENR timpeallachta tagairt do na cleachtais is fearr céanna i dtéarmaí freagrachta méadaithe agus bainistíochta inbhuanaithe. Díríonn gach páirtí aird ar an tábhacht a bhaineann le roinnt an chleachtais is fearr (agus na dteipeanna), trí mheán CCR agus trí bhunú tuilleadh comhlachtaí réigiúnacha bainistithe.

Dar le roinnt BS agus ENR timpeallachta gur chóir d'úsáideoir na n-acmhainní íoc as (cuid de) na costais do bhainistiú na n-iascach, ach tá barúlacha éagsúla acu maidir leis an rogha is fearr (táillí rochtana *versus* cánacha gabhála/ioncaim). Áitíonn a lán

de na tuairimí a chuir lucht an tionscail isteach go bhfuil íocaíochtaí suntasacha á ndéanamh ag an tionscal cheana féin do bhainistiú na n-iascach.

### 2.5. Ag forbairt chultúr an chomhlíonta

Luaitear róthoilleadh an loingis, castacht na rialacha, fadhbanna le bailiú sonraí agus smachtbhannaí atá neamhdhóthaineach agus éagsúil mar na príomhchúiseanna a spreagann neamhchomhlíonadh rialacha agus easpa chothrom na féinne.

Tá mórchuid na BS agus na ENR dearfach faoin rialachán rialaithe nua (1224/2009), ach cuireann lucht an tionscail ábhar imní in iúl freisin faoi chur i bhfeidhm níos fearr na rialacha. Tacaíonn a lán tuairimí BS agus tionscail le rialacha simplí CBI agus le cineálacha cur chuige ilbhliantúla le feabhas a chur ar chomhlíonadh, agus díríonn na ENR aird ar an ngá atá ann le síneadh na dteicníochtaí rialaithe (Córais Mhonatóireachta Soithigh, ceamaraí teilifíse ciorcaid iata). Tá barúlacha éagsúla le fáil i dtaca le tuilleadh cumhachtaí CE agus ról níos mó do Ghníomhaireacht Rialaithe Iascach an Chomhphobail, cé go ndéantar meastóireacht dhearfach ar an nGníomhaireacht seo go ginearálta, m.sh. ag an PE. Measann roinnt tuairimí ó lucht an tionscail go bhfuil an féinbhainistiú méadaithe ina chabhair.

Tacaíonn na ENR agus roinnt BS le nasc níos láidre idir cabhair airgeadais agus comhlíonadh rialacha an CBI agus dualgais rialaithe, ach tá lucht an tionscail ina éadan sin go ginearálta, go háirithe ag leibhéal na n-oibreoirí aonair. Dar leis na ENR go bhfuil féidearthacht ann dreasachtaí a thabhairt isteach le comhlíonadh níos fearr na rialacha a cheadú.

## 3. AG CUR TUILLEADH FEABHAIS AR BHAINISTIÚ IASCAIGH AN AE

### 3.1. Réimeas iascaigh difreáilte le loingis chóstacha mhionscála a chosaint?

Go ginearálta aontaíonn na páirtithe go bhfuil tábhacht ag baint leis na loingis mionscála d'iascaireacht na hEorpa. I measc na BS tacaíonn cuid acu le coincheap réimis dhifreáilte, agus níl roinnt acu i bhfábhar le cur chuige sonrach. Díríonn roinnt mhaith páirtithe aird ar an ngá atá ann ligean do na BS rogha a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm beart sonrach – is minic a dhéantar sin a nasc le réimeas na 12 míle mhara. Tacaíonn an PE le difreáil agus éilíonn sí cláir shonracha do na loingis chóstacha mhionscála.

Tá dearcadh dearfach ag mórchuid na bpáirtithe leasmhara (idir lucht an tionscail agus ENR, údaráis réigiúnacha agus áitiúla) maidir leis an iascaireacht chóstach mhionscála mar gheall ar, i measc rudaí eile, an nasc atá ann idir é agus na pobail áitiúla, úsáid fheistis éighníomhaigh agus roghnaíoch, agus leibhéil níos ísle tomhaltais bhreosla. Díríonn tuairimí áirithe aird ar ábhar deacrachtaí má bhíonn loingis éagsúla ag díriú ar na stoic chéanna in aon mheá amháin. Cuireann a lán tuairimí béim air, áfach, go mbíonn iarmhairt (a bhíonn suntasach uaireanta) ag na hiascaigh chóstacha mhionscála ar na hacmhainní, agus nár chóir go mbeidís díolmhaithe ó bhearta caomhnaithe agus rialaithe.

Díríonn líon mór tuairimí (tuairim na PE san áireamh) aird ar raon éagsúil na suíomhanna ar fud an AE, ag éileamh cur chuige solúbtha – le hoiriúnú an

tsainmhínithe do shonraíochtaí na réigiún agus/nó na n-iascach. Tacaíonn mórchuid na bpáirtithe le meascán critéar roghnaithe, ar a n-áirítear fad an tsoithigh, raon gníomhaíochta an iascaigh, fad tréimhse an turais, méideanna gabhála, cineál feistis. Is mian le tuairimí roinnt ENR agus tionscail iascaireachta breathnú a dhéanamh faoi chritéir shóisialta agus an nasc atá ann leis an bpobal áitiúil/réigiúnach. Molann tuairimí áirithe imfhálú atá bunaithe ar an iascach agus molann roinnt páirtithe go n-áireofaí iascaigh chaitheamh aimsire sa réimeas sonrach.

Is minic a nasctar an próiseas cinnteoireachta leis an gcur chuige réigiúnaithe, ag socrú critéar iomlán ag leibhéal an AE, le bainistiú cé acu ag an leibhéal náisiúnta (tacaíonn na BS leis an rogha seo) nó ag an leibhéal réigiúnach/áitiúil. Tá cuid de lucht an tionscail ag iarraidh go ndéanfaí bainistiú ag leibhéal an iascaigh nó na n-iascairí (comhbhainistiú nó féinbhainistiú).

Go ginearálta tagtar leis an mbarúil nár chóir do thabhairt isteach bainistiú atá bunaithe ar chearta agus GII gníomhú leanúnach an loingis chóstaigh mhionscála a chur i mbaol. Ní mheastar, mar sin de, aon GII nó aon choimirce a bheith riachtanach (le comhchruinniú iomarcach nó ceannach thar barr na gceart iascaireachta a sheachaint). Is minic a mholtar cabhair airgeadais shonrach do ghníomhartha den chineál seo, feabhsú sábháilteachta, (trí chabhair nua-aoisithe), oiliúint do bhainistiú iascach, deimhniú na n-iascach, agus cosnaíonn roinnt páirtithe tacaíocht phoiblí do thógáil soitheach nua do na loingis seo. Creideann páirtithe eile gur chóir go mbeadh cúlchiste cuótaí nó rochtain eisiach limistéir ina gcuid den réimeas.

### 3.2. Ag baint an leas is fearr is féidir as ár gcuid iascach

Aontaíonn mórchuid na dtuairimí leis an gcuspóir rátaí saothraithe a bhaint amach de réir a chéile ar ionann iad agus na UGI i 2015. Is féidir béim a chur ar roinnt difríochtaí agus machnamh á dhéanamh ar an gceist ar chóir glacadh leis an MIUI mar an sprioc deiridh nó mar sprioc idirmheánach, ag oscailt suas bealaí le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe eacnamaíocha (molann roinnt páirtithe gur chóir MIUE a chur ina áit) nó trí ainmniú spriocanna nua de réir sonraíocht na n-iascach measctha nó le cur chuige éiceachórais, a bheadh comhsheasmhach le cuspóirí na CTSM. Ba chóir a leithéid de spriocanna nua a cheangal le sceidil ama agus spriocdhátaí soiléire. Ina ainneoin sin is uile, dearbhaítear i gcuid de na tuairimí nach mbainfidh an straitéis UGI le hábhar do na stoic nó do na hiascairí sin sna háiteanna sin nach bhfuil na sonraí ar fáil nó iontaofa.

Maidir le huirlisí bainistithe le rátaí mortlaíochta iascaireachta (an cóimheas do chuid an stoic a mharaítear ag gníomhaíochtaí iascaireachta) a theorannú dar le mórchuid na dtuairimí go mbaineann srianta gabhála agus iarrachta le hábhar, ag brath go príomha ar na cineálacha iascach a gcuirfear i bhfeidhm dóibh iad. Cuireann roinnt páirtithe tuairime in iúl go mbeadh sé úsáideach iascaigh aonair pheiligeacha a bhainistiú trí mheán srianta gabhála agus trí chur i bhfeidhm srianta gabhála in iascaigh ilsonracha agus ilcheirdeanna. Ina theannta sin is beag páirtí tuairime a iarrann go mbeadh na réimis iarrachta iascaireachta faoi réir ag córais bhainistithe GII. Is lú arís iad na páirtithe a áitíonn nach mbainfí úsáid as uirlisí iarrachta ná as uirlisí atá bunaithe ar shrianta gabhála. Luann a lán acu laigí a bhaineann leis an dá uirlis: is deacair bainistiú na srianta gabhála, atá bunaithe faoi láthair ar shrianta gabhála agus iarrachta a chur in oiriúint do na feistis éighníomhacha. Agus is beag

páirtí tuairime a áitíonn go ndéanfaí bainistiú ar an toilleadh loingis (nó ar na cumhachtaí iascaireachta) agus ar an iarracht iascaireachta comhlántaí. Tacaíonn páirtithe eile le díothú éisc pháipéir nó iarrachta páipéir (féidearthachtaí iascaireachta nach mbaintear úsáid astu go struchtúrtha). Tacaíonn dreamanna áirithe freisin leis an bhféidearthacht go ndéanfaí bainistiú ar eilimintí ama agus spáis na hiarrachta iascaireachta nó na ngabhálacha iascaireachta, trí dhúnadh tíreolaíoch, limistéir mhuirí chosanta, bainistiú comhtháite limistéir chóstaigh.

Tá mórchuid na bpáirtithe tuairime i bhfábhar le cur i bhfeidhm phleananna ilbhliantúla, a thacaíonn le cur chuige iascaigh, agus iarrann roinnt páirtithe pleananna ilbhliantúla éiceachórais, fiú amháin. I roinnt cásanna, sonraítear gur chóir do na Rialacha Rialaithe Fómhair sna pleananna ilbhliantúla seo léiriú go cruinn na torthaí sin a chuirtear ar fáil tríd an bpróiseas comhairleach eolaíoch do na mórstoic, grúpaí stoic nó iascaigh. Agus is beag tuairim a chuireann béim air go rachadh an brú polaitiúil i laghad agus deiseanna iascaireachta á n-áireamh. Ina theannta sin, cuireann tuairimí áirithe béim air gur chóir do phleananna ilbhliantúla aghaidh a thabhairt ar cheisteanna eile, leithéidí séanachán, struchtúr agus comhdhéanamh na ngabhálacha, agus gnéithe eacnamaíocha agus sóisialta freisin. Cuireann páirtithe tuairime áirithe in iúl gur chóir go mbeadh an beartas bainistithe toillte oiriúnach d'fhorbairt na bpleananna ilbhliantúla seo. Maidir le glacadh leo agus lena gcur i bhfeidhm, moltar próiseas níos solúbtha agus bronnadh tuilleadh freagrachta ar na CCR.

Maidir le bearta teicniúla agus CAI, níl treochtaí na dtuairimí chomh soiléir céanna; cuireann roinnt tuairimí béim air nár chóir réitigh aonair a chur san áireamh, díríonn tuairimí eile aird ar fheabhsuithe muiníne maidir le bearta teicniúla caomhnaithe seachas forbairt na CAI. Ina ainneoin sin is uile, áitítear i roinnt tuairimí go bhfuil gá ann le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann leis an séanachán (cé gur cosúil go bhfuil cosc séanacháin fós conspóideach) agus leis na foghabhálacha.

Tá smaointe eile, a bhfuil nasc díreach acu, a bheag nó a mhór, le ceisteanna caomhnaithe, le fáil i roinnt tuairimí, dála an gá atá ann le rochtain a theorannú sa limistéar 12 mhíle go loingis mhionscála, nó gur féidir gur chóir nuashonrú a dhéanamh ar an gcobhsaíocht choibhneasta.

### 3.3. An chobhsaíocht choibhneasta (CC) agus rochtain ar na hiascaigh

Tacaíonn mórchuid na dtuairimí (bunús na BS san áireamh), tacaíonn siad le coimeád phrionsabal na CC, a mheasann siad a bheith ina cloch choirnéil den CBI, ag soláthar slándála agus cobhsaíochta. Tá líon teoranta tuairimí réidh le hathmhachnamh a dhéanamh faoin bprionsabal, le cur ina áit múnlaí atá bunaithe níos mó ar an margadh do chearta iascaireachta nó aistriú go hiarracht in iascaigh measctha, agus/nó bunathrú go rochtain/leithdháileadh, bunaithe ar chritéir thimpeallachta nó chothromais (roinnt ENR timpeallachta, go príomha). Iarrann an PE go ndéanfaí scrúdú ar an ngá atá ann leis an bprionsabal a athrú, ach áitíonn sí gur chóir sochair na CC a choimeád.

Tacaítear, a bheag nó a mhór, le hathbhreithniú ar na heochracha leithdháilte agus lena nuashonrú le réadúlachtaí an lae inniu a chur san áireamh, ag cur san áireamh go

háirithe an bhabhtáil bhliantúil chuóta. Tacaíonn dreamanna eile le coigeartú leis an bhfíorthoilleadh iascaireachta.

Glactar go forleathan leis an gcóras aistrithe agus babhtála cuótaí; molann páirtithe áirithe forbairt bhreise aistrithe cuótaí (trí bhabhtáil tionscail agus trí bhabhtáil fhéidearthachtaí le tríú tíortha).

Tá formhór ollmhór na bpáirtithe i bhfábhar le leanúint ar aghaidh leis an réimeas 12 mhíle mhuirí; iarrann an PE go gcuirfí an réimeas ar bun ar bhonn buan. Beartaíonn grúpa mór á nascadh le cosaint na loingeas mionscála. Tacaíonn tuairimí áirithe le réimeas ina bhfuil rochtain atá srianta do shoithigh a chomhlíonann coinníollacha áirithe inbhuanaitheachta, nó teorannú rochtana go hiascaigh sonracha, nó comhtháthú na n-iascach le limistéir mhuirí chosanta. Molann líon teoranta tuairimí go mbeadh na rialacha a fhorfheidhmíonn na BS laistigh den limistéar 12 mhíle mhara infheidhme do gach soitheach atá gníomhach sna huiscí sin. Go hannamh tacaítear le filleadh ar na huiscí críche nó cur ar ceal na socruithe cómhalartacha rochtana idir na Ballstáit.

### 3.4. Trádáil agus na margaí – ón ngabháil chuig an tomhaltóir

Go ginearálta breathnaítear ar an Eagraíocht Chomh-mhargaí (ECM, Rial. 104/2000) mar bhunphiléar de chuid an CBI. Ba chóir díriú ar an margadh san iomlán, ag cur san áireamh riachtanais shonracha an dobharshaothraithe.

Cuireann tuairimí na BS, na PE agus lucht an tionscail béim ar ról na ET; tá siad le treisiú agus tá freagracht mhéadaithe le bronnadh orthu ó thaobh bainistiú táirgthe agus acmhainne, i dtaca le pleanáil mhargaidh níos fearr, agus maidir le freagra, nuálaíocht agus comhchruinniú an tsoláthair, ag cur san áireamh ról níos láidre do na heagraíochtaí (trasnáisiúnta) idirbhrainse. Molann cuid de na BS go gcuirfí tuilleadh maoinithe ar fáil do na ET, le tacú le freagrachtaí méadaithe ach freisin le pleanáil mhargaíochta.

Aithnítear go forleathan an gá atá ann le hathbhreithniú agus le simpliú na meicníochtaí praghas agus idirghabhála; creideann mórchuid na dtuairimí gur chóir aistarraingtí (éisc faoi mheicníochtaí idirghabhála na CMO) a bhaint, ach ba mhór cabhair thabhairt anonn a choimeád. Is mór le lucht an tionscail córas na dtreoirphraghsanna ach ba chóir go mbeadh sé níos oiriúnaithe do na réadúlachtaí (réigiúnacha), agus iarrann earnáil an dobharshaothraithe a chóras féin praghsanna.

Creideann mórchuid na dtuairimí gur straitéisí iad lipéadú agus deimhniú a bhfuil gealladh fúthu, agus gurbh fhéidir le creatlach rialacháin cur le trédhearcacht le muinín na dtomhaltóirí a mhéadú. Tá ceist na tacaíochta do chur chun cinn an tomhaltais níos conspóidí.

Maidir le polasaí trádála, áitíonn lucht iompórtála agus próiseála go háirithe gur chóir na hallmhairí a léirscaoileadh le soláthar amhábhar a chinntiú. Is mian le roinnt BS an réimeas taraifí a choimeád; tá na miondíoltóirí agus lucht iompórtála i bhfábhar le níos mó fionraí taraife. Cuireann an PE agus a lán páirtithe eile a mbarúil in iúl maidir le ceisteanna neamhtharaifí, iad ag iarraidh cothrom na féinne do tháirgí ón AE agus táirgí allmhairithe araon, ag cuimsiú coimircí cuimsitheacha, frithdhumpáil agus rialuithe diana iompórtála.

## 3.5. Ag comhtháthú an Chomhbheartais Iascaigh i gcomhthéacs níos leithne an bheartais mhuirí

Go ginearálta breathnaítear ar an mBeartas Muirí Comhtháite (BMC, COM(2007)575) mar rud tábhachtach sa mhéid gur chóir dó an CBI a chuimsiú mar dhlúthchuid, agus sa mhéid go dteastaíonn cineálacha cur chuige atá iomlánaíoch. Cáintear suíomh an lae inniu go forleathan mar gheall ar bheartais atá ar neamhréir mar a dteastaíonn cothrom na féinne. Iarrann an PE acmhainní airgeadais sásúla don BMC.

Dar leis na páirtithe leasmhara éagsúla (go háirithe lucht an tionscail) go soláthraíonn forbairt an BMC féidearthacht tionchar feabhsaithe a bheith acu maidir le gníomhaíochtaí oibreoirí eacnamaíocha eile, nó le tionchar níos mó a bheith acu ar shocruithe polaitiúla a théann i bhfeidhm ar an iascaireacht. Ar an dóigh céanna, beartaíonn páirtithe eile agus ENR timpeallachta tionchar níos mó a bheith acu ar shocruithe faoi na hiascaigh. Tacaítear go forleathan le cur i bhfeidhm réigiúnach an BMC, ag cur san áireamh iascaigh ag leibhéal an bháisín mhara le fóram réigiúnach ina bpléitear gach gné. Luadh straitéis na Mara Bailte mar dhea-shampla.

Tá formhór mór i bhfábhar le BMC a bheadh ailínithe leis an CTSM agus le reachtaíocht timpeallachta eile, chomh maith leis an gcur chuige éiceachórais. Tá barúlacha éagsúla le fáil i dtaca le conas an comhtháthú a chur i bhfeidhm. Áitíonn an tionscal go ginearálta gur chóir breathnú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta mar ghníomhaíocht tosaíochta (ar chúiseanna stairiúla). Is fearr leis na ENR timpeallachta go mbeadh na hiascaigh ina gcuid chomhtháite de na caighdeáin timpeallachta.

Maidir le pleanáil spásúil mhuirí iarrann an tionscal rochtain tosaíochta, agus go dtéifí i gcomhairle leis níos fearr, agus creideann a lán BS agus ENR gur chóir don BMC meicníochtaí a lorg lenar féidir dul i gcomhairle le gach earnáil.

Áitíonn an tionscal gur féidir leis tacú lena chur féin in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide agus gur féidir leis cabhrú le cinntiú nach mbaintear an bonn d'athléimneacht na n-éiceachóras muirí. Creideann a lán ENR gurb iad an brú iascaireachta laghdaithe, na limistéir mhuirí chosanta agus cleachtais laghdaithe tomhaltais bhreosla na huirlisí is fearr le hathléimneacht an éiceachórais a mhéadú i dtaca leis an athrú aeráide. Luann na BS an gá atá ann le taighde feabhsaithe maidir le hathrú aeráide agus cur i bhfeidhm an chur chuige éiceachórais.

Meastar measúnú iarmhairte agus cur amach níos fearr ar fheidhmiú an éiceachórais a bheith tábhachtach san uile is san iomlán. Cuireann lucht an tionscail béim air go bhfuil cur amach an-mhaith aige ar an timpeallacht mhuirí agus gur féidir leo, mar sin de, bheith ina gcabhair mhór sa réimse seo (m.sh. aithint limistéar leochaileach).

## 3.6. An bonn eolais don bheartas

Tá comhthoil le sonrú gur gá an CBI a bheith bunaithe ar an eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil. Maíonn páirtithe áirithe (go háirithe na ENR timpeallachta agus na miondíoltóirí) gur chóir an chomhairle eolaíoch a chur i gcrích i gcónaí. Cuireann an PE béim air seo – nár chóir d'easpa eolais bac a chur ar bheith ag glacadh le bearta réamhchúraim.

Cuireann mórchuid na bpáirtithe béim ar chineálacha cur chuige atá cuimsitheach agus rannpháirteach maidir le taighde agus le comhairle eolaíoch, le rannpháirtíocht agus le cumarsáid mhaith le heolaithe ar siúl ag gach páirtí leasmhar (dar le daoine áirithe nach gá ach lucht an tionscail bheith páirteach ann). Éilíonn a lán páirtithe taighde agus comhairle ildhisciplíneacha i gcomhthéacs éiceachórais, á chomhtháthú laistigh den CTSM. Tugann tuairimí áirithe le fios go bhfuil gá ann leis an bpróiseas eolaíoch comhairleach a chur in oiriúint do chreatlach bhainistithe réigiúnaigh.

